



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
COM(2026) 451 final

2026/0251 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de
Chomhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa i dtaca le síneadh a chur
leis an dáta chun glacadh leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta
maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa i ndáil leis an síneadh go dtí an 24 Meitheamh 2027 atá beartaithe a chur leis an sprioc-am chun glacadh leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (an ‘Comhaontú’)

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

Is é is aidhm don Chomhaontú comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, tacú le taighde eolaíoch agus an nuálaíocht theicniúil, caighdeán cháilíochta agus trádála a leagan síos, agus tomhaltas táirgí olóige ar fud an domhain a spreagadh. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa Chomhaontú¹ agus ina Chomhalta den Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa (‘CEO’).

2.2. Comhairle na gComhaltaí

Is í Comhairle Chomhaltaí CEO (‘Comhairle na gComhaltaí’) an t-údarás agus an comhlacht cinnteoireachta is airde de chuid CIO agus déanfaidh sí na cumhachtaí agus na feidhmithe sin uile is gá a fheidhmiú chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, de bhun Airteagal 7(1)(a) de. Mar pháirtí sa Chomhaontú, is Comhalta de CIO é an tAontas Eorpach agus déantar ionadaíocht thar a cheann i gComhairle na gComhaltaí. De bhun Airteagal 32 den Chomhaontú, féadfaidh CIO, ag gníomhú dó trí Chomhairle na gComhaltaí, an Comhaontú a leasú de chomhthoil. Socróidh Comhairle na gComhaltaí an dáta faoina dtabharfadh na comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú i gceist.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Ológa

Tugadh an Comhaontú i gcrích ar dtús le haghaidh tréimhse 10 mbliana go dtí an 31 Nollaig 2026.

Le linn an 119ú seisiún a bhí ag Comhairle na gComhaltaí i mí an Mheithimh 2024, ghlac sí an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú de chomhthoil chun go bhféadfar síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhsí 5 bliana². Bunaíodh seasamh an Aontais i ndáil leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú i gcomhairle leis an Meitheal um Thráchtarraí. De réir na pleanála, bheadh go dtí an 24 Meitheamh 2026 ag na Comhaltaí chun a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh. Thiocfadh an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 ar choinníoll go ndéanfaidh na comhaltaí uile an ionstraim ghlactha a thaisceadh.

Ós rud é nach raibh ionstraimí na gcomhaltaí uile taiscthe acu, le linn an 123ú seisiún a bhí ar siúl i mí an Mheithimh 2026, mhol Comhairle na gComhaltaí síneadh go dtí an

¹ Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj>).

² Cinneadh (AE) 2026/1368 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2026 maidir le formheas, thar ceann an Aontais, an leasaithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L, 2026/1368, 17.6.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1368/oj>).

24 Meitheamh 2027 a chur leis an tréimhse ina bhféadfadh na Comhaltaí a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe an próiseas glactha a choinneáil ar oscailt chun é a chur ar a gcumas do na comhaltaí uile a nósanna imeachta inmheánacha a chur i gcrích trí shíneadh a chur leis an sprioc-am chun fógra a thabhairt don taiscí go nglacann siad leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle³ an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle⁴.

Ba Chomhalta gníomhach de CIO é an tAontas riamh, agus is chun leas an Aontais é síneadh a chur leis an gComhaontú. Is é an tAontas an príomhtháirgeoir ola olóige chomh maith le bheith ina mhór-chomhpháirtí trádála ola olóige agus ológ boird le go leor Comhaltaí de CIO.

Is Comhalta amháin den Chomhaontú é an tAontas Eorpach. I dtaca le nósanna imeachta buiséadacha (féach Airteagal 11 den Chomhaontú), i.e. chun ranníocaíochtaí bliantúla airgeadais na gComhaltaí a shocrú, is é 622 an líon sciartha a leithdháiltear ar an Aontas as an iomlán 1 000 sciar in 2026.

Ghlac Comhairle na gComhaltaí an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú de chomhthoil chun go bhféadfar síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhsí 5 bliana. Bheadh go dtí an 24 Meitheamh 2026 ag na Comhaltaí chun a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh.

Is é is cuspóir don togra seo údarú na Comhairle a lorg don Choimisiún chun tacú, thar ceann an Aontais, le síneadh go dtí an 24 Meitheamh 2027 a chur leis an sprioc-am chun glacadh leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlónfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht

³ Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1892/oj>).

⁴ Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj>).

cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh ‘*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*’⁵.

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Bunaíodh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa le hAirteagail 3 agus 4 den Chomhaontú agus féadfar iarraidh uirthi chun cinntí áirithe a ghlacadh.

Is é an éifeacht atá ag an ngníomh atá beartaithe, lena gcumhachtaítear do Chomhairle na gComhaltaí faoi Airteagal 32(2) den Chomhaontú, síneadh a chur leis an bpróiseas glactha chun a chur ar a gcumas do na comhaltaí uile a nósanna imeachta inmheánacha a chur i gcrích. Mura gcuirfí síneadh leis an dáta, mheasfaí an leasú, atá formheasta ag an Aontas cheana, a bheith tarraingthe siar, i gcomhréir le hAirteagal 32(3) den Chomhaontú. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is le comhbheartas tráchtála (trádáil i dtáirgí talmhaíochta) a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

⁵ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *An Ghearmáin v An Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa i dtaca le síneadh a chur leis an dáta chun glacadh leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015¹ ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle² an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos faide anonn. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle³. Beidh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026 i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de.
- (2) Leasaigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa, ag gníomhú di trí Chomhairle na gComhaltaí ag an 119ú seisiún a bhí aici i mí an Mheithimh 2024, Airteagal 36 den Chomhaontú de chomhthoil, de bhun Airteagal 32(1) de, chun go bhféadfar síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhsí comhleanúnacha nach faide ná 5 bliana gach uair⁴. Chinn Comhairle na gComhaltaí go raibh na Comhaltaí le fógra a thabhairt don taiscí go nglacann siad leis an leasú faoin 24 Meitheamh 2026. Bhí sé beartaithe go dtiocfadh an leasú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 ar choinníoll go raibh fógra den sórt sin tugtha ag na Comhaltaí uile.
- (3) Ag an 123ú seisiún a bhí ag Comhairle na gComhaltaí i mí an Mheithimh 2026, mhol sí síneadh, go dtí an 24 Meitheamh 2027, a chur leis an dáta faoina dtabharfadh na Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú.

¹ IO L 293, 28.10.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2016/1892/oj.

² Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1892/oj>).

³ Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj>).

⁴ Cinneadh (AE) 2026/1368 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2026 maidir le formheas, thar ceann an Aontais, an leasaithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L, 2026/1368, 17.6.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1368/oj>).

- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú, óir is chun leas an Aontais é síneadh a chur leis an dáta faoina dtabharfadh Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa le linn seisiún a bheidh aici amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, is seasamh é lena dtacófar le síneadh go dtí an 24 Meitheamh 2027 a chur leis an dáta faoina dtabharfadh Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*